

Galar na Scamhóg

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thástáil eitinne san Iarthar.

A. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail a cheangal leis na sainmhínte cúí?

Eitinn	An líon daoine a chónaíonn in áit.
Tástálacha réamhchúraim	Má bhíonn tú tinn tugann dochtúir nó altra é seo duit le tú a dhéanamh níos fearr.
Daonra	Ní haon oileán í an áit seo.
Stiúrthóir Sláinte Pobail	Tá an duine seo freagrach as sláinte an phobail.
An mhórhír	Galar tógalach a bhaineann leis na scamhóga agus a bhíodh an-chontúirteach fadó.
Cóir leighis	Damáiste a dhéanamh, cur isteach ar rud.
Freastal ar...	Scrúduithe a dhéantar roimh ré le bheith cinnte faoi rud.
Dochar a dhéanamh	Dul go dtí...

B. Féachaigí ar an mhír anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an mhír arís agus cuir na habairtí in ord trí uimhir a chur in aice le gach abairt nuair a chloiseann tú í. Tosaigh le píosa Áine Lally amháin.

	Tá scrúdú á dhéanamh ar gach uile dhuine le fáil amach an bhfuil cóir leighis uathu.
	Tá cúrsaí an-chiúin ar an oileán agus tá an saol ag leanúint ar aghaidh mar ba chóir.
	Tá sé deimhnithe gur thángthas ar eitinn ar Inis Oírr.
	Tá imní ar mhuintir an oileáin go ndéanfadh an scéal dochar don turasóireacht.
	Reáchtálfar cruinniú ar an oileán don phobal le comhairle a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
	Inniu an chéad lá a bhfuil tástálacha réamhchúraim ar an oileán.
	Is í foireann de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá i mbun na dtástálacha agus beidh siad ann ar feadh cúpla lá.

Ceist 3 Éist leis an chuid seo den mhír arís agus líon na bearnaí leis an fhocal ceart.

Inniu an chéad lá a bhfuil tástálacha _____ don ghalar eitinne á dtairiscint do phobal uilig Inis Oírr. Bhí roinnt d'fhoireann na _____ Seirbhíse Sláinte ar an oileán ó mhaidin agus beidh go ceann roinnt laethanta eile leis na _____ a dhéanamh. _____ de thart ar dhá chéad caoga duine atá ar an oileán agus deir muintir na háite nach dtuigtear dóibhsean go bhfuil _____ ar aon duine atá ina gcónaí ar Inis Oírr faoi láthair. Tá sé deimhnithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san Iarthar gur thángthas ar an ngalar eitinne ar Inis Oírr ach ní raibh siad sásta a rá cé mhéad duine a raibh an galar orthu. Deir _____ Sláinte Pobail na Feidhmeannachta san Iarthar go ndéantar tástálacha réamhchúraim d'eitinn go minic ar fud na tíre agus nach cás ar leith é seo ar Inis Oírr.


Ceist 4. '...Tá sé **deimhnithe**...'

Is í an aidiacht bhriathartha atá i gceist sa sampla thuas. An féidir leat na cinn choitianta seo a dhéanamh?

1. Níl mo chuid oibre (déan) _____ agam fós.
2. An bhfuil do dhinnéar (ith) _____ agat?
3. Nach aisteach an bealach a bhfuil na litreacha sin (scríobh) _____?
4. Tá an scéal (clois) _____ agam. Tá sé uafásach!
5. Níl Peadar (imigh) _____ go fóill.
6. Tá na scrúduithe (cuir) _____ díom ach níl na torthaí (faigh) _____.
7. Tá an leabhar (léigh) _____ agam agus thaitin sé go mór liom.
8. An bhfuil an siopa (dún) _____?


Ceist 5 Treo agus Suíomh

Líon na bearnaí thíos leis na focail seo a leanas: isteach, amach, istigh, amuigh



Anois, scríobh an uimhir cheart in aice le gach pictiúr:

1. Ag dul suas
2. Ag dul síos
3. Thuas
4. Thíos



Ceist 6

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An bhfuil aithne agat ar aon duine a raibh / a bhfuil eitinn air?
- An raibh deilgneach (*chicken pox*) ort féin riamh? Conas mar a bhí sé?
- An mbíonn an fliú nó slaghdán ort go minic? Uair amháin sa bhliain nó níos mó? Cad iad na comharthaí tinnis (*symptoms*) a bhaineann leo?

Freagraí

Ceist 1

Eitinn	Galar tógalach a bhaineann leis na scamhóga agus a bhíodh an-chontúirteach fadó.
Tástálacha réamhchúraim	Scrúduithe a dhéantar roimh ré le bheith cinnte faoi rud.
Daonra	An líon daoine a chónaíonn in áit.
Stiúrthóir Sláinte Pobail	Tá an duine seo freagrach as sláinte an phobail.
An mhórhír	Ní haon oileán í an áit seo.
Cóir leighis	Má bhíonn tú tinn tugann dochtúir nó altra é seo duit le tú a dhéanamh níos fearr.
Freastal ar...	Dul go dtí...
Dochar a dhéanamh	Damáiste a dhéanamh, cur isteach ar rud.

Ceist 2

1	Inniu an chéad lá a bhfuil tástálacha réamhchúraim ar an oileán.
2	Is í foireann de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá i mbun na dtástálacha agus beidh siad ann ar feadh cúpla lá.
3	Tá sé deimhnithe gur thángthas ar eitinn ar Inis Oírr.
4	Tá scrúdú á dhéanamh ar gach duine le fáil amach an bhfuil cóir leighis uathu.
5	Reáchtálfar cruinniú ar an oileán don phobal le comhairle a fháil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
6	Tá cúrsaí an-chiúin ar an oileán agus tá an saol ag leanúint ar aghaidh mar ba chóir.
7	Tá imní ar mhuintir an oileáin go ndéanfadh an scéal dochar don turasóireacht.

Ceist 3

Inniu an chéad lá a bhfuil tástálacha **réamhchúraim** don ghalarr eitinne á dtairiscint do phobal uilig Inis Oírr. Bhí roinnt d'fhoireann na **Feidhmeannachta** Seirbhíse Sláinte ar an oileán ó mhaidin agus beidh go ceann roinnt laethanta eile leis na **tástálacha** a dhéanamh. **Daonra** de thart ar dhá chéad caoga duine atá ar an oileán agus deir muintir na háite nach dtuigtear dóibhsean go bhfuil **eitinn** ar aon duine atá ina gcónaí ar Inis Oírr faoi láthair. Tá sé deimhnithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san Iarthar gur thángthas ar an ngalar eitinne ar Inis Oírr ach ní raibh siad sásta a rá cé mhéad duine a raibh an galar orthu. Deir **Stiúrthóir** Sláinte Pobail na Feidhmeannachta san Iarthar go ndéantar tástálacha réamhchúraim d'eitinn go minic ar fud na tíre agus nach cás ar leith é seo ar Inis Oírr.

Ceist 4

1. Níl mo chuid oibre **déanta** agam fós.
2. An bhfuil do dhinnéar **ite** agat?
3. Nach aisteach an bealach a bhfuil na litreacha sin **scríofa**?
4. Tá an scéal **cloiste** agam. Tá sé uafásach!
5. Níl Peadar **imithe** go fóill.
6. Tá na scrúduithe **curtha** díom ach níl na torthaí **faighte**.
7. Tá an leabhar **léite** agam agus is breá liom é.
8. An bhfuil an siopa **dúnta**?

Ceist 5

Ag dul isteach

Istigh

Ag dul amach

Amuigh

An chéad pictiúr – thíos

An dara pictiúr – ag dul suas

An tríú pictiúr – ag dul síos

An ceathrú pictiúr – thuas

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Cuireadh tús inniu le tástálacha réamhchúraim don eitinn ar Inis Oírr, Árann. Tá sé deimhnithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san Iarthar go dtángthasⁱ ar an ngalar eitinne ar an oileán. Ach deir muintir an oileáin nach dtuigtear dóibhsean go bhfuil eitinn ar dhuine ar bith atá ina gcónaí ar Inis Oírr.

Áine Lally

Inniu an chéad lá a bhfuil tástálacha réamhchúraim don ghalair eitinne á dtairiscintⁱⁱ do phobal uilig Inis Oírr. Bhí roinnt d'fhoireann na Feidhmeannachta Seirbhíse Sláinte ar an oileán ó mhaidin agus beidh go ceann roinnt laethanta eile leis na tástálacha a dhéanamh. Daonra de thart ar dhá chéad caoga duine atá ar an oileán agus deir muintir na háite nach dtuigtear dóibhsean go bhfuil eitinn ar aon duine atá ina gcónaí ar Inis Oírr faoi láthair. Tá sé deimhnithe ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte san Iarthar go dtángthasⁱⁱⁱ ar an ngalar eitinne ar Inis Oírr ach ní raibh siad sásta a rá cé mhéad^{iv} duine a raibh an galar orthu. Deir Stiúrthóir Sláinte Pobail na Feidhmeannachta san Iarthar go ndéantar tástálacha réamhchúraim d'eitinn go minic ar fud na tíre agus nach cás ar leith é seo ar Inis Oírr.

An Dochtúir Diarmuid O'Donovan

Tá daoine á scrúdú againn ar an oileán agus líon beag^v daoine ar an mhórthír ó mhí na Nollag. Caithfidh muid scrúdú a dhéanamh ar gach uile dhuine^{vi} chun a fháil amach an bhfaigheadh duine eile leas as cóir leighis agus...ar mhaithe lena sláinte féin agus le sláinte daoine eile a chosaint.

Áine Lally

Tugadh cuireadh do mhuintir Inis Oírr freastal ar chruinniú de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte anocht. Reáchtálfar an cruinniú sa halla pobail seo taobh thiar dom ag thart ar a hocht a chlog agus beidh an Dochtúir Diarmuid O'Donovan ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i láthair. Bhí cúrsaí an-chiúin ar Inis Oírr inniu agus ba léir nár chuir scéal na dtástálacha isteach nó amach ar na fir seo a tháinig le roinnt bheag^{vii} oibre a dhéanamh.

Par McGrath, cuairteoir as Gaillimh

Níl faitíos orm ar chor ar bith, tá *business* le déanamh agam anseo inniu agus leanann an saol ar aghaidh.

Áine Lally

Níor theastaigh ó mhuintir Inis Oírr labhairt os comhair ceamara inniu ach dúirt go raibh imní orthu go bhféadfadh an clúdach sna meáin ar an ábhar dochar a dhéanamh do chúrsaí turasoíreachta. Áine Lally, Nuacht TG4, Inis Oírr.

ⁱ *gur thángthas* atá sa chaighdeán oifigiúil

ⁱⁱ *á thairiscint* a deirtear

ⁱⁱⁱ *gur thángthas* atá sa chaighdeán oifigiúil

^{iv} *cé méad* a deirtear

^v *líon bheag* a deirtear

^{vi} *Gach uile duine* a deirtear

^{vii} *roinnt beag* a deirtear